Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15575/23**

**EMPL 567**
**SOC 792**
**ANTIDISCRIM 189**
**FIN 1177**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15364/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa – 'Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Samhain 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa – 'Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas'**

**Conclúidí ón gComhairle**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Tuarascáil Speisialta maidir le Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas a thíolaic Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), a foilsíodh an 12 Deireadh Fómhair 2023, a cuireadh ar fáil i leagan soléite do dhaoine faoi mhíchumas, dar teideal 'Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas – tá tionchar praiticiúil ghníomhaíocht an Aontais teoranta'[1].

2. DEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tacú le daoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas, a tháinig i bhfeidhm don Aontas an 22 Eanáir 2011, ar shínigh agus ar dhaingnigh na Ballstáit uile é.

3. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an ceart atá ag saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, chomh maith lena gceart chun cosaint a fháil ar an idirdhealú a dhéantar ar fhorais mhíchumais[2].

4. MEABHRAÍTEAR DI an tiomantas feabhas a chur ar shaol na ndaoine faoi mhíchumas laistigh den Aontas Eorpach, mar a leagtar amach i Straitéis an Choimisiúin maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030; ar dhíol sásaimh í do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus d'ionadaithe rialtais na mBallstát agus d'fhormhuinigh siad í ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, gan réamhbhreith a dhéanamh ar an seasamh a bheidh ann amach anseo ón gComhairle agus ó na Ballstáit maidir le tionscnaimh nithiúla lena gcuirtear an Straitéis chun feidhme[3].

---

1 Tá an Tuarascáil Speisialta seo agus an leagan soléite di ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: http://eca.europa.eu.

2 Airteagail 19 agus 21 CFAE.

3 9749/1/21 REV 1.

5. MEABHRAÍONN SÍ gur thíolaic an Coimisiún Eorpach creat cuimsitheach uaillmhianach ina straitéis, creat a ceapadh chun feabhas a chur ar shaol na ndaoine faoi mhíchumas san Aontas agus níos faide i gcéin agus chun cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas a chur chun cinn. Is é is cuspóir don Straitéis seo dul chun cinn a dhéanamh maidir lena áirithiú go dteachtfaidh daoine faoi mhíchumas a gcearta daonna, go mbeidh na deiseanna céanna agus an rochtain chéanna ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar acu is atá ag gach duine eile, agus nach ndéanfar idirdhealú ina leith agus iad ag gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas Eorpach.

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na hiarrachtaí agus na bearta a rinne na Ballstáit uile le feabhas a chur ar chás daoine faoi mhíchumas agus ar an ról atá ag an gCoimisiún maidir le tacú leis an bpróiseas sin; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur ar na Ballstáit atá an fhreagracht phríomha sa réimse sin.

7. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur áit níos cuimsithí agus níos rannpháirtíche a bheidh san Aontas, agus gur cothroime a bheidh an tsochaí, má chuirtear beartais chuimsitheacha chun feidhme a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear mná agus cailíní faoi mhíchumas, ar fud an Aontais.

8. TÁ SÍ DEN TUAIRIM gur tosaíocht do thodhchaí an Aontais Eorpaigh é cur chun feidhme na mbeartas arb é is aidhm dóibh cearta daoine faoi mhíchumas a áirithiú agus go gcuideoidh sin leis an mbearna fostaíochta agus baol na bochtaineachta a chuireann as do dhaoine faoi mhíchumas a laghdú.

9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé inrochtaineacht iomlán a chur chun feidhme san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Cheart Daoine Faoi Mhíchumas mar réamhriachtanas do shochaí chuimsitheach chothrom.

10. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí agus a ábhartha atá Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí deiridh a leagtar amach sa Tuarascáil Speisialta, inar cheart don Choimisiún, i dtuairim Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

(a) Sonraí níos inchomparáide a fháil ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le staid daoine faoi mhíchumas i ndáil le cumhdach, gráinneacht agus minicíocht mar bhunchloch chun tionchar agus éifeachtacht bheartas an Aontais a thomhas arb é is aidhm dó cearta comhionanna a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas.

(b) Dul chun cinn a dhéanamh maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais a athbhreithniú agus a ghlacadh chun comhlíonadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas a áirithiú.

(c) Dul i mbun oibre chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do stádas míchumais le haghaidh gearrfhanacht i mBallstáit an Aontais, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

(d) An dul chun cinn maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú in institiúidí an Aontais a thomhas agus a thuairisciú agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn i ndáil le rialacha cosanta sonraí a urramú ina n-iomláine, trína gcuid sonraí féin a chur i gcomparáid le faisnéis inchomparáide ar leibhéal an Aontais, agus i gcás inarb indéanta, ar leibhéal na mBallstát freisin.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i bhfianaise an mholta atá sa Tuarascáil Speisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

12. Dul i mbun oibre leis na Ballstáit chun bacainní a bhaint ionas go mbeidh an ceart chun saorghluaiseachta ag daoine faoi mhíchumas, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus do chórais éagsúla sna Ballstáit.

13. Tacú leis na Ballstáit lena gcuid iarrachtaí na ceanglais atá ann a chomhlíonadh, mar shampla an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas a chur chun feidhme agus moltaí ón Seimeastar Eorpach agus cistí beartais comhtháthaithe 2021-2027 á gcur chun feidhme.

14. Dul i mbun oibre leis na Ballstáit chun sonraí imdhealaithe níos inchomparáide a fháil maidir le staid daoine faoi mhíchumas agus chun cáilíocht na sonraí sin a fheabhsú.

15. Dul i mbun oibre leis na hinstitiúidí eile den Aontas chun an dul chun cinn maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú sna hinstitiúidí céanna a thomhas agus a thuairisciú.